**Caingean arna tabhairt an 17 Bealtaine 2022 – Groz-Beckert v EUIPO (Suíomh-mharc comhdhéanta den dath dearg agus den dath bán ar phacáistiú ciúbóideach)**

**(Cás T-277/22)**

(2022/C 257/58)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Groz-Beckert KG (Albstadt, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Nielen agus U. Kaufmann, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar chlárú suíomh-mhairc atá comhdhéanta den dath dearg agus den dath bán ar phacáistiú ciúbóideach – Iarratas Uimh. 18 243 038

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 2 Márta 2022 i gCás R 1444/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO íoc as na costais.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar an gcéad abairt d'Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Bealtaine 2022 – Mazepin v an Chomhairle**

**(Cás T-282/22)**

(2022/C 257/59)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Dmitry Arkadievich Mazepin (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Moretto agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2022/397 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]) chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/396 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([2]) a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.